Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2026
(OR. en)

16007/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0138(COD)

TELECOM 564
CYBER 468
MI 1215
COMPET 1384
IA 319
CODEC 2201

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	10104/26 + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras néalríomhaireachta agus intleachta saorga na hEorpa a neartú (an Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún **an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras néalríomhaireachta agus intleachta saorga na hEorpa a neartú** (an Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga) an 3 Meitheamh 2026[1].

[1] 10104/26 + ADD 1.

2. Is é is aidhm don Ghníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht acmhainneachta ríomhaireachta atá teoranta agus comhchruinnithe go geografach san Aontas agus ar na rioscaí a bhaineann le spleáchas ar an néalríomhaireacht agus ar an intleacht shaorga arna soláthar ag soláthraithe neamh-Eorpacha. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscnaimh: (i) acmhainneacht ríomhaireachta agus intleacht shaorga arna forbairt agus arna himscaradh san Aontas a mhéadú trí néalríomhaireacht agus teicneolaíochtaí intleachta saorga nuálacha agus inbhuanaithe; (ii) dálaí tarraingteacha a áirithiú chun acmhainneacht ríomhaireachta inbhuanaithe agus nuálach a imscaradh ar fud an Aontais; (iii) aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le ceannasacht sonraí agus leanúnachas oibríochtúil na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga; agus (iv) cuidiú leis an ord poiblí a chosaint trí sholáthar seirbhísí néalríomhaireachta a dhéanamh níos athléimní, go háirithe san earnáil phoiblí. Is é is aidhm don togra na ceithre chuspóir sin a bhaint amach trí choinníollacha a chuíchóiriú chun lárionaid sonraí a chur in úsáid ar fud an Aontais, agus béim á leagan ar shaoráidí atá an-inbhuanaithe agus nuálach ar an scála is gá le haghaidh aistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais; trí chreat aonair uile-Aontais a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar néalríomhaireacht agus ceannasacht na hintleachta saorga, agus an chuid is mó de mhargadh an Aontais á choinneáil ar oscailt do chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo; agus trí chreat a chur ar fáil d'údaráis chonarthacha chun cinntí ceannaigh eolasacha a dhéanamh agus a gcumhacht ceannaitheora a ghiaráil i dtreo spleáchais atá ann cheana a ísliú. I dteannta a chéile, meastar go gcuideoidh na bearta sin le feidhmchláir chriticiúla agus sonraí íogaire a chosaint, agus go dtacóidh siad le forbairt agus leathadh amach ardteicneolaíochtaí néalríomhaireachta agus intleachta saorga san Eoraip.

3. Tá an togra seo ar cheann de na spriocanna insoláthartha tosaíochta atá sa treoirphlean dar teideal 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin', a shínigh Uachtarán Phoblacht na Cipire, ina cáil mar Uachtaránacht rothlach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus a shínigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ar imeall chruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais a tionóladh sa Chipir an 24 Aibreán 2026, agus tá sprioc ann chun an togra a ghlacadh in R4 2027.

4. I bParlaimint na hEorpa, sannadh an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) agus an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) araon mar phríomhchoistí i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiste faoi Riail 58. Ainmníodh beirt chomhrapóirtéirí: Diego SOLIER (An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa/ECR, an Spáinn) ó ITRE, agus Reinier VAN LANSCHOT (Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí, an Ísiltír) ó IMCO. I dteannta an dá phríomhchoiste thuas, ainmníodh an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) agus an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) mar choistí ar iarradh tuairim orthu, agus Sergey LAGODINSKY (Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí, an Ghearmáin) freagrach as an tuairim ó JURI agus Kristian VIGENIN (S&D, an Bhulgáir) freagrach as tuairim ó LIBE. Tá sé beartaithe ag Parlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh an 27 Aibreán 2027.

5. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste Eorpach na Réigiún araon maidir leis an togra, agus cuireadh iarrataí foirmiúla ar thuairimí chuig an dá institiúid an 17 agus an 30 Meán Fómhair 2026 faoi seach. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra an 23 Meán Fómhair 2026[2], agus iarradh ar Choiste Eorpach na Réigiún a thuairim a thíolacadh faoin seisiún iomlánach a bheidh ar siúl an 2 agus an 3 Nollaig 2026.

6. An 29 Iúil 2026, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a thuairim maidir leis an togra[3].

II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

7. Sa Chomhairle, leithdháileadh an togra ar an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta: WP Telecom). Cuireadh tús leis an scrúdú ar an togra faoi Uachtaránacht na Cipire nuair a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe an 10 Meitheamh 2026 agus nuair a cuireadh an téacs reachtach agus an measúnú tionchair i láthair den chéad uair in WP Telecom an 16 Meitheamh 2026.

[2] SEC1043/2026.
[3] Tuairim 14/2026 ó MECS.

8. Lean Uachtaránacht na hÉireann d'anailís a dhéanamh ar an téacs le linn ceithre chruinniú den Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 7 Iúil, an 8 Meán Fómhair, an 22 Meán Fómhair agus an 29 Meán Fómhair, agus thug sí chun críche an chéad léamh den togra ina iomláine. Ina theannta sin, d'eagraigh Uachtaránacht na hÉireann dhá cheardlann ar líne an 21 Meán Fómhair 2026 agus an 5 Deireadh Fómhair 2026, rud a chuir ar chumas na dtoscaireachtaí, lena n-áirítear saineolaithe atá lonnaithe i bpríomhchathracha, ceisteanna sonracha a chur agus tuilleadh soiléirithe a lorg go díreach ón gCoimisiún ar théacs iomlán an togra. Tar éis na chéad cheardlanna ar líne, an 23 Meán Fómhair, d'iarr Uachtaránacht na hÉireann ar na Ballstáit a moltaí tosaigh maidir le dréachtú agus a mbarúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le **Colún 3 (Uathriail)**, lena gcumhdaítear Teideal IV (Airteagail 16-44) agus Iarscríbhinní II agus III den togra. Bunaithe ar an ionchur a thíolaic na Ballstáit, dhréachtaigh Uachtaránacht na hÉireann an chéad téacs comhréitigh páirteach de thogra le haghaidh an Ghnímh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga lena gcumhdaítear **Colún 3**, téacs a cuireadh i láthair agus a pléadh ag an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 10 Samhain 2026. Ag an am céanna, tar éis an dara ceardlann ar líne, an 5 Deireadh Fómhair 2026, d'iarr Uachtaránacht na hÉireann ar na Ballstáit moltaí agus barúlacha maidir le dréachtú a thabhairt maidir leis na codanna eile den téacs, eadhon **Colún 1 (Gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus cur in úsáid d'éiceachóras na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga)** agus **Colún 2 (acmhainneachtaí lárionad sonraí),** chomh maith le forálacha ginearálta agus deiridh (Airteagail 1-15, 44-48) agus Iarscríbhinn I. Bunaithe ar an ionchur a fuarthas ó na Ballstáit, dhréachtaigh Uachtaránacht na hÉireann an dara cuid den chéad téacs comhréitigh ina gcumhdaítear **Colúin 1 agus 2**, a cuireadh i láthair agus a pléadh ag an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 24 Samhain 2026. **Agus an cur i láthair agus an plé sin déanta aici, thug Uachtaránacht na hÉireann i gcrích an próiseas maidir leis an gcéad togra comhréitigh iomlán ón gComhairle maidir leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga a dhréachtú.** Idir an dá linn, iarradh ar na Ballstáit an dara sraith de mholtaí agus barúlacha maidir le dréachtú a thabhairt, agus is ar an mbonn sin atá sé beartaithe ag Uachtaránacht na hÉireann tús a chur leis an obair ar an dara téacs comhréitigh i mí na Nollag agus tosófar le **Colún 3 (an Neamhspleáchas)**.

III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA AR TUGADH AGHAIDH ORTHU SA TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

9. Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna ar thug Uachtaránacht na hÉireann aghaidh orthu sa chéad chuid den chéad togra comhréitigh maidir le **Colún 3 (Uathriail)**:

a) **Próiseas aitheantais leibhéil dearbhaithe an Aontais** – d'athdhréachtaigh Uachtaránacht na hÉireann na forálacha ábhartha chun an próiseas aitheantais maidir le seirbhísí néalríomhaireachta ar leibhéil dearbhaithe ar leith den Aontas a dhéanamh níos soiléire agus an téarmaíocht a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar an nós imeachta a chuíchóiriú. Cuireadh in iúl ar bhealach níos cúinge cumhachtú an Choimisiúin na critéir maidir le leibhéil dearbhaithe an Aontais a leasú, chun eisceacht a dhéanamh de chritéir áirithe. Cuireadh airteagal nua leis an téacs freisin ina dtugtar tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas maidir le haitheantas seirbhíse néalríomhaireachta a chúlghairm.

b) **Tríú tíortha comhlachaithe** – rinne Uachtaránacht na hÉireann athruithe ar an téacs chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt ar an bpróiseas maidir le tríú tíortha comhlachaithe a shainaithint. Go háirithe, soiléirítear sa téacs anois na hiarmhairtí dá ndéanfadh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme lena sainaithnítear tríú tír mar thríú tír chomhlachaithe a chúlghairm nó é a chur ar fionraí, agus léirítear ann go bhféadfaidh trí Bhallstát nó níos mó a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar stádas comhlachaithe tríú tír.

c) **Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus Iniúchtaí tríú páirtí neamhspleácha** – rinneadh athdhréachtú suntasach ar na codanna sin den togra chun an t-ualach a laghdú ar sholáthraithe a bhfuil aitheantas á lorg acu ar a néalseirbhísí ar leibhéil dearbhaithe shonracha an Aontais agus chun na nósanna imeachta ábhartha a shoiléiriú. Go háirithe, áiríodh ceanglas ar an gCoimisiún teimpléad aonfhoirmeach caighdeánach a fhoilsiú don ráiteas comhréireachta ón Aontas, agus soiléiríodh nár cheart go mbeadh cúlghairm tuairime dearfaí ó eagraíocht iniúchóireachta ann ach i gcás botúin shubstaintiúla soláthraithe. Is gá an ceanglas atá ar sholáthraithe an tuairim iniúchóireachta a chur isteach lena hathbhreithniú a dhéanamh gach 2 bhliain seachas go bliantúil. Chuir Uachtaránacht na hÉireann in iúl freisin sa téacs comhréitigh na huasteorainneacha d'fhíneálacha riaracháin is féidir a fhorchur i gcás go ndéanfaí sáruithe ar na forálacha maidir leis an gcreat ceannasachta néalríomhaireachta.

d) **Cúnamh frithpháirteach agus comhar** – d'áirigh Uachtaránacht na hÉireann dhá airteagal nua sa téacs ina bhfuil ceanglais chun rúndacht ghairmiúil a áirithiú agus córais chomhroinnte faisnéise iontaofa agus shlána a úsáid le haghaidh gach cumarsáid de bhun na bhforálacha maidir leis an gcreat ceannasachta néalríomhaireachta.

e) **Measúnuithe ar riosca** – scriosadh an tslándáil agus an chosaint náisiúnta chun a shoiléiriú nach gcumhdaítear an dá réimse sin leis na forálacha maidir le measúnuithe ar riosca. Ina theannta sin, baineadh sa téacs comhréitigh an fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcás ina gcinnfeadh sé nach iomchuí iad leibhéil dearbhaithe an Aontais arna sainaithint ag na Ballstáit le haghaidh ghníomhaíochtaí na hearnála poiblí. Cuireadh moltaí ón gCoimisiún ina ionad sin, agus tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit freagra a thabhairt orthu sin laistigh de 3 mhí. Ar deireadh, cuireadh síneadh ó 12 mhí go 18 mí leis an tréimhse le haghaidh aistriú sainordaithe chuig seirbhís néalríomhaireachta eile, agus tá an fhéidearthacht ag an mBallstát síneadh eisceachtúil a chur leis an tréimhse sin.

f) **Soláthar poiblí agus raon feidhme a leathnú chuig eintitis san earnáil phríobháideach** – modhnaíodh an téacs comhréitigh chun raon feidhme na bhforálacha maidir le soláthar poiblí a leathnú chuig eintitis chonarthacha a chumhdaítear le Treoir 2014/25/AE (cuideachtaí príobháideacha a sholáthraíonn faoi rialacha soláthair phoiblí) ós rud é go meastar go bhfuil na hearnálacha sin ríthábhachtach don ord poiblí (cuir i gcás soláthar leictreachais agus uisce). Ag an am céanna, baineadh an chumhacht a thugtar don Choimisiún an ceanglas maidir le measúnuithe ar riosca a dhéanamh trí ghníomh tarmligthe a thabhairt don earnáil phríobháideach. Ina theannta sin, soiléiríodh sa téacs comhréitigh go bhfuil feidhm ag critéar an oird phoiblí freisin maidir le leibhéal dearbhaithe 1 an Aontais.

g) **Breisluach AE agus faireachán ar sholáthar nuálaíochta sa néalríomhaireacht agus san intleacht shaorga** — modhnaíodh na forálacha maidir leis an dá ghné sin chun a áirithiú go mbeidís comhsheasmhach le creat soláthair phoiblí an Aontais atá ann cheana. Thairis sin, chun an t-ualach a laghdú, mhol Uachtaránacht na hÉireann minicíocht na dtuarascálacha ó na Ballstáit maidir leis an úsáid a bhaineann siad as soláthar nuálaíochta i seirbhísí néalríomhaireachta agus i gcórais intleachta saorga chuig an gCoimisiún a laghdú ó gach bliain go gach 3 bliana, agus deireadh a chur leis an gcéatadán beacht a léirítear do na Ballstáit mar chuspóir maidir le soláthar nuálach le haghaidh seirbhísí néalríomhaireachta agus córais intleachta saorga a shaothrú.

h) **Cónaidhm Eorpach um néal na hearnála poiblí** – shoiléirigh Uachtaránacht na hÉireann go bhfuil sé d'aidhm ag an gcónaidhm Eorpach um néal na hearnála poiblí (EuroCloud) tionscnaimh atá ann cheana a thabhairt le chéile agus gur ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht ann. Sonraíodh freisin na bearta ba cheart don eintiteas a chomhroinneann seirbhísí a chur i bhfeidhm chun soláthar seirbhísí éifeachtach, slán agus athléimneach a áirithiú, agus cuireadh eilimintí breise isteach maidir leis an ngá atá leis an gCoimisiún a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha agus maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfadh an Coimisiún an t-údarú chun seirbhísí a chomhroinnt a tharraingt siar.

10. Le linn na hoibre leanúnaí ar an dara cuid den chéad togra comhréitigh maidir le **Colún 1 (Gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus cur in úsáid d'éiceachóras na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga), Colún 2 (acmhainneachtaí lárionaid sonraí)** agus maidir le forálacha ginearálta agus críochnaitheacha, thug Uachtaránacht na hÉireann aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas:

a) **Tionscnaimh Ceannaireachta Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** – tá soiléiriú déanta ag Uachtaránacht na hÉireann ar na forálacha maidir leis an gcistiú do na Tionscnaimh Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga agus chuir sí in iúl go sainráite sa téacs nach n-athrófaí raon feidhme na dtionscnamh sin le tarmligean na gcumhachtaí chuig an gCoimisiún.

b) **Straitéisí náisiúnta néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** – cuirtear in iúl go soiléir sa téacs comhréitigh go bhfuil sé de rogha ag na Ballstáit straitéisí náisiúnta atá ann cheana a athúsáid ar choinníoll go gcomhlíonann na straitéisí sin na ceanglais a shonraítear sa Ghníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga. Rinneadh mionmhodhnú ar na ceanglais sin chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit agus chun comhsheasmhacht leis an Straitéis Foinse Oscailte a áirithiú.

c) **Tionscadail tosaíochta um Intleacht shaorga cheannródaíoch** – shoiléirigh Uachtaránacht na hÉireann nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú go leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha ríomhaireachta na hintleachta saorga óna n-acmhainneachtaí ríomhaireachta chun tacú le tionscadail tosaíochta um intleacht shaorga cheannródaíoch a fhorbairt ach amháin maidir leis na Ballstáit atá rannpháirteach sna tionscadail sin.

d) **Criosanna dlúsúlachta lárionad sonraí** – leis na hathruithe a mhol Uachtaránacht na hÉireann, cuireadh síneadh leis an spriocdháta do na Ballstáit chun crios dlúsúlachta lárionad sonraí a ainmniú ó 6 mhí go 12 mhí agus soiléiríodh an méid a mbeifí ag súil leis ó na Ballstáit nach bhfuil crios dlúsúlachta sonraí acu tar éis na tréimhse 12 mhí. Ina theannta sin, cuireadh síneadh beag le liosta na n-eilimintí atá le cur san áireamh ag na Ballstáit agus criosanna dlúsúlachta á n-ainmniú acu.

e) **Próisis deonaithe ceadanna** – rinneadh foclaíocht na bhforálacha maidir le deonú ceadanna a ailíniú níos fearr leis an bhfoclaíocht a úsáidtear sa togra le haghaidh an Ghnímh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht.

f) **Tionscadail straitéiseacha na lárionad sonraí** – rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta maidir le hainmniú tionscadail straitéiseacha lárionad sonraí ag an gCoimisiún, agus maidir le hainmniú mar sin a tharraingt siar, chun rannpháirtíocht níos gníomhaí na mBallstát lena mbaineann a áirithiú.

g) **Dáta an chur i bhfeidhm** – chun níos mó ama a thabhairt do na Ballstáit ullmhú don chéim cur chun feidhme, tá síniú curtha ag Uachtaránacht na hÉireann le dáta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, ó 12 mhí go 18 mí ón dáta teacht i bhfeidhm.

IV. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

11. Tar éis anailís a dhéanamh ar an gcéad chuid den téacs comhréitigh maidir le **Colún 3 (Uathriail)** i Meitheal Telecom an 10 Samhain 2026, tá an Uachtaránacht den tuairim gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna. Go háirithe, beidh gá leis an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) castacht na hailtireachta aitheantais a laghdú agus deireadh a chur le forluí agus scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann, e.g. i gcásanna comhair trasteorann idir údaráis inniúla; (ii) an réasúnaíocht maidir le soláthar seirbhísí néalríomhaireachta a sholáthraíonn leibhéal áirithe dearbhaithe a neartú, chun ord poiblí an Aontais agus a Bhallstát a chosaint; (iii) na díolúintí slándála agus cosanta náisiúnta a shoiléiriú, e.g. bunaithe ar fhoclaíocht Airteagal 2 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga; (iv) na forálacha maidir le pionóis a shonrú a thuilleadh chun a áirithiú nach mbeidh siad díréireach do FBManna; (v) machnamh a dhéanamh ar a mhéid atá na Ballstáit agus an Coimisiún rannpháirteach sa phróiseas maidir le néalseirbhísí a aithint ar leibhéil shonracha dearbhaithe de chuid an Aontais; (vi) athmhachnamh a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhaineann le cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún i gcásanna áirithe, e.g. in Airteagal 17 maidir le cumhacht an Choimisiúin a chinneadh an bhféadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta an cinneadh aitheantais a ghlacadh; (vii) forálacha an Ghnímh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga a ailíniú a thuilleadh le forálacha Ghnímh um Chibearshlándáil 2 atá ar na bacáin agus an Ghnímh um Sholáthar Poiblí atá ar na bacáin; (vii) machnamh a dhéanamh ar na spriocdhátaí éagsúla a leagtar síos sa rialachán, e.g. an amlíne chun aistriú chuig néalseirbhís eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil tar éis measúnú riosca; (ix) soiléiriú níos fearr a thabhairt ar a bhfuil i gceist le 'nuálaíocht i seirbhísí néalríomhaireachta agus i gcórais intleachta saorga' i gcomhthéacs sholáthar poiblí na seirbhísí sin; (x) smaoineamh ar cheanglas a chur ar an gCoimisiún treoir a eisiúint maidir le critéir bhreisluacha an Aontais a úsáid sa soláthar poiblí.

12. Pléadh an dara cuid den téacs comhréitigh maidir le **Colún 1 (Gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus cur in úsáid d'éiceachóras na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga) agus Colún 2 (acmhainneachtaí lárionaid sonraí)** ag Meitheal Telecom an 24 Samhain 2026. Bunaithe ar an bplé sin, shainaithin an Uachtaránacht saincheisteanna breise a mbeidh tuilleadh oibre ag teastáil ina leith. Go háirithe, is gá an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a mheas an bhféadfaí díolúine slándála agus cosanta náisiúnta a áireamh in Airteagal 1 (Ábhar); (ii) soiléiriú breise a thabhairt ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh Lárionaid na hIntleachta Saorga atá beartaithe sa chleachtas, agus cén gaol a bheidh acu leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha atá ann cheana; (iii) machnamh a dhéanamh ar conas tagairt a dhéanamh d'fhoinsí féideartha cistiúcháin ón Aontas chun na Tionscnaimh maidir le Ceannaireacht Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga a chur chun feidhme; (iv) athmheasúnú a dhéanamh ar an togra reatha chun cumhacht a thabhairt don Choimisiún Iarscríbhinn I maidir leis na mórdhúshláin a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe; (v) béim níos láidre ar athléimneacht agus ar chibearshlándáil a áirithiú sa tuairisc ar na mórdhúshláin in Iarscríbhinn I agus ar fud an téacs ina iomláine; (vi) tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an oibleagáid atá beartaithe a chur ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga a bhunú; (vii) a shoiléiriú cad ba cheart a bheith ina chúis leis an oibleagáid a ghníomhachtú criosanna dlúsúlachta lárionad sonraí a bhunú agus a mheas an bhféadfaí ainmniú na gcriosanna sin a dhéanamh roghnach do na Ballstáit; (vii) soiléirithe breise a thabhairt maidir leis an gcaoi a n-oibreodh na ceadanna ar an leibhéal creasa atá beartaithe sa chleachtas le haghaidh criosanna dlúsúlachta lárionad sonraí ainmnithe; agus (ix) athbhreithniú a dhéanamh ar na dátaí a mholtar faoin gcur chuige céimnithe maidir le teacht i bhfeidhm chodanna éagsúla an rialacháin.

V. CONCLÚID

13. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an togra a thabhairt dá haire.